Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2018
(OR. en)

9356/18

LIMITE

ECOFIN 492
SOC 310
BUDGET 18
STATIS 35

PUBLIC

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8804/18 |
| Ábhar: | CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí i bhfianaise aosú an daonra |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí i bhfianaise aosú an daonra, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3619ú cruinniú dá chuid ar an 25 Bealtaine 2018.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE hINBHUANAITHEACHT AN AIRGEADAIS PHOIBLÍ I bhFIANAISE AOSÚ AN DAONRA**

Dearbhaíonn an Chomhairle (ECOFIN) mar a leanas:

1. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur dúshlán ollmhór d'inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí san fhadtéarma an t-aosú daonra, agus gur measa an dúshlán i ngeall ar an ardú suntasach ar leibhéil fiachais rialtais mar thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais. Cé go bhfuil an fiachas ag dul i laghad san Aontas le tamall anuas, mar sin féin tá sé fós ard agus meastar go bhfanfaidh an fiachas os cionn an leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim go ceann scaithimh eile. Ós mar sin atá, is den ríthábhacht inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí san fhadtéarma a áirithiú. CUIREANN an Chomhairle I bhFÁTH an gá atá le comhdhlúthú buiséadach lena gcothófaí fás iomchuí agus le hathchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme tuilleadh d'fhonn inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú.

2. I bhfianaise an méid sin, TACAÍONN an Chomhairle le Tuarascáil 2018 maidir le hAosú: réamh-mheastacháin eacnamaíocha agus buiséadacha do 28 mBallstát an Aontais Eorpaigh agus an Iorua (2016-2070), a d'ullmhaigh an Coiste um Beartas Eacnamaíoch (an Mheitheal um Aosú) agus an Coimisiún (DG ECFIN) ar bhonn modheolaíochtaí agus toimhdí a comhaontaíodh go comhchoiteann. I gcomhréir le heagráin a eisíodh roimhe seo, cumhdaítear leis na toimhdí atá i dTuarascáil 2018 maidir le hAosú an caiteachas poiblí a dhéantar ar phinsin, ar an gcúram sláinte, ar an gcúram fadtéarmach, ar an oideachas, agus ar shochair dhífhostaíochta, ar caiteachas é a bhaineann le haois.

3. SONRAÍONN an Chomhairle príomhthorthaí Thuarascáil 2018 maidir le hAosú:

   - Is constaic mhór don fhás san fhadtéarma é an laghdú a mheastar a thiocfaidh ar an daonra in aois oibre agus is í an táirgiúlacht oibre amháin a spreagfaidh an fás sin. Táthar ag tuar san fhadtéarma, go bhfanfaidh an meánráta fáis bliantúil de OTI an Aontais uile, cobhsaí don chuid is mó. Mar sin féin, tá éagsúlachtaí suntasacha ann maidir leis an acmhainneacht fáis ar fud na mBallstát. Sa tréimhse iomlán ó 2016–2070, táthar ag tuar gur 1.4% ar an gcás bonnlíne a bheidh sa mheánráta fáis bliantúil de OTI san Aontas Eorpach, ar choinníoll go dtiocfaidh méadú mór ar fhás tháirgiúlacht na bhfachtóirí uile. De mhalairt air sin, bheadh ísliú ar fhás tháirgiúlacht na bhfachtóirí uile, 1.1% a bheadh sa mheánráta fáis bliantúil measta de OTI an Aontais.

- Tuartar go dtiocfaidh méadú arb ionann é agus 1.7 pointe céatadáin de OTI ar an gcaiteachas poiblí iomlán, ar chaiteachas é a bhaineann le haois, idir 2016 agus 2070 san Aontas Eorpach, agus beidh sé cothrom le 26.6% in 2070, le héagsúlachtaí móra ann ó thír go tír. Má ghlactar le toimhdí maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith níos díobhálaí, (le fás tháirgiúlacht na bhfachtóirí uile níos ísle), thiocfadh méadú arb ionann é agus 2.2 pointe céatadáin de OTI, idir 2016 agus 2070, é ag 27.1% de OTO in 2070.

- Tuartar go dtiocfaidh méadú arb ionann é agus 0.8 pointe céatadáin de OTI ar an gcaiteachas poiblí ar phinsean don tréimhse suas go dtí 2040, agus ina dhiaidh sin, go bhfillfidh sé - de bheagán - faoi bhun a thúsphointe faoi 2070 (11% de OTI san Aontas Eorpach). Bheadh, mar sin féin, caiteachas ar phinsean réamh-mheasta, níos airde i gcás toimhdí déimeagrafacha nó maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith níos díobhálaí. Mar shampla, i gcás fhás tháirgiúlacht na bhfachtóirí uile a bheith níos ísle, meastar go dtiocfaidh méadú arb ionann é agus 1.1 pointe céatadáin de OTI go dtí 2040, le caiteachas ar phinsean ag 11.4% de OTI in 2070. Is fíoréagsúil óna chéile iad na Ballstáit, ag brath ar mhéid agus ar uainíocht aosú an daonra, ar ghnéithe sonracha de chuid chórais náisiúnta na bpinsean agus, go sonrach, ar an dul chun cinn a dhéantar i dtíortha maidir le hathchóirithe struchtúracha.

- Tuartar go dtiocfaidh méadú arb ionann é agus 2 phointe céatadáin de OTI ar an gcaiteachas poiblí ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach ar an gcás bonnlíne san Aontas Eorpach, a bheidh cothrom le 10.4 % de OTI in 2070, lena léirítear roinnt mhaith forbairtí ar an daonra. Agus na himeachtaí á gcur san áireamh a d'fhéadfadh tarlú amach anseo maidir le nithe neamhdhéimeagrafacha a chuireann le costais sa chaiteachas ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach, d'fhéadfadh go sroichfí 4% den OTI idir 2016 agus 2070 leis an méadú a thuarfar don chaiteachas sin a bhaineann le cúram.

4. Cé gur díol sásaimh don Chomhairle iad na hathchóirithe a rinneadh le déanaí i mBallstáit go leor, ATHDHEARBHAÍONN SÍ go mbeidh ar na Ballstáit gníomhartha breise beartais a dhéanamh chun saincheisteanna sonracha a bhaineann le tíortha ar leith a réiteach, má táthar chun déileáil leis na dúshláin sin sa réamh-mheastacháin airgeadais a bhaineann le haois. Chuige sin, ní mór go gcuirfear chun feidhme go pras na Moltaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht airgeadais phoiblía eisíodh faoin Seimeastar Eorpach agus an straitéis a bheidh bunaithe ar thrí ghné chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí eacnamaíocha agus buiséadacha a bhaineann le haosú, i.e. tríd an bhfiachas rialtais a laghdú, trí na rátaí fostaíochta agus an táirgiúlacht a ardú, agus trí chórais na bpinsean, an chúraim shláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh a athchóiriú.

5. I ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI go raibh tionchar dearfach ag na hathchóirithe pinsean a rinneadh i bhformhór na dtíortha le déanaí, sa dinimic i leith an chaiteachais phoiblí agus sa rannchuidiú i leith na meánaoise fágála as margadh an tsaothair a mhéadú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach leor fós, áfach, scála na n-athchóirithe atá á ndéanamh i roinnt tíortha chun an méadú ar chaiteachas poiblí ar phinsean a shrianadh agus is díol imní di, i gcásanna ar leith, go bhfuil freaschur déanta ar athchóirithe áirithe a rinneadh roimhe seo. SONRAÍONN an Chomhairle go háirithe go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta ó na Ballstáit, bíodh is nach ionann an gá seo ó Bhallstát go chéile, chun an aois scoir iarbhír a ardú, lena n-áirítear trí luathfhágáil mhargadh an tsaothair a sheachaint agus lena gcuirtear aosú gníomhach chun cinn; dreasachtaí a neartú chun fanacht i margadh an tsaothair; agus gnéithe inbhuanaitheachta sa chóras pinsin a neartú amhail an aois scoir nó sochair phinsin a nascadh le hionchas saoil. Ní mór bearta lena n-aisiompraítear athchóirithe feabhsaithe inbhuanaitheachta a rinneadh cheana féin a sheachaint. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tábhacht a bhaineann le dearcadh iomlánaíoch ar inbhuanaitheacht airgeadais agus ar leordhóthanacht na gcóras pinsean. I ndáil leis an méid sin, déanann Tuarascáil 2018 maidir le Leordhóthanacht na bPinsean comhlánú ar Thuarascáil 2018 ar an Aosú.

6. MEASANN an Chomhairle go bhfuil tábhacht ar leith ag roinnt leis an dá aidhm .i. inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus rochtain a bheith ag gach duine ar sheirbhísí cúraim sláinte ar ardchaighdeán, trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht na gcóras sláinte agus na gcóras um chúram fadtéarmach.

7. IARANN an Chomhairle ar an gCoimisiún a áireamh san anailís agus san fhaireachas a dhéanfar faoin Seimeastar Eorpach na torthaí a bhaineann leis na dúshláin maidir le haosú, agus na himpleachtaí a bheidh ar na réimsí ábhartha uile a bhaineann le comhordú an bheartais eacnamaíoch san Aontas Eorpach ag an bhfás sin a chur san áireamh.

8. IARRANN an Chomhairle ar an gCoimisiún measúnú foriomlán, cuimsitheach, tráthrialta ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a dhéanamh faoi dheireadh 2018 agus leas á bhaint aige as an tacar seo de réamh-mheastacháin nuashonraithe, cuimsitheacha, inchomparáideacha. Ba cheart don Choiste um Beartas Eacnamaíoch tuarascáil a thabhairt don Chomhairle ar bhonn an mheasúnaithe.

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá á déanamh ag Eurostat maidir le feabhas a chur ar rialachas an réamh-mheastachán daonra, lena n-áirítear malartú taithí agus cleachtais agus moltaí i dtaobh feabhsúcháin leis na hInstitiúidí Náisiúnta Staidrimh (INSanna) agus tuairisciú chuig an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch leis an raon feidhme chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar fhóntacht réamh-mheastachán daonra, agus lánurraim á tabhairt do neamhspleáchas na INSanna agus Eurostat. IARRANN an Chomhairle ar an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch nuashonrú a dhéanamh, ar bhonn réamh-mheastacháin nua daonra a chuirfidh Eurostat ar fáil, ar a anailís ar na himpleachtaí eacnamaíocha agus buiseádacha atá ag an aosú faoin bhFómhar 2021.